



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh
2011
TORTHAÍ
www.cso.ie

Preas Ráiteas **Press Statement**

Torthaí Daonáirimh 2011

Próifíl 2 Níos Sine agus Níos Óige – Próifíl Aoise na hÉireann

Inniu d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí ina sraith de thorthaí Daonáirimh 2011, ag léiriú gur tháinig méadú 17.9 faoin gcéad ar dhaonra na leanaí réamhscoile d'aois 0-4 le cúig bliana anuas, á thabhairt go 356,329 in Aibreán 2011, le laghdú 12 faoin gcéad tagtha ar líon na n-aosach óg d'aois 19-24, an t-aon aoisghrúpa ina léirítear laghdú.

Breathnaíonn foilseachán an lae inniu, "*Próifíl 2 Níos Sine agus Níos Óige*" ar aois dhaonra na hÉireann agus ar shaintréithe na n-aoisghrúpaí éagsúla bunaithe ar cheantar geografach, cóiríocht, comhdhéanamh teaghlaigh agus stádas pósta.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: "Tá an tuarascáil phróifíle seo ar an dara ceann as deich dtuarascáil phróifíle a dhéanann iniúchadh níos mionchruinne ar na torthaí cinntitheacha de chuid Daonáirimh 2011. Leantar ar aghaidh anseo lenár gcur chuige foilsithe i ndáil le tuilleadh léirmhínte agus anailíse a sholáthar ar na sonraí i dteannta le láithreoirachtaí léiritheacha, léarscáileanna téamacha agus tráchtairacht atá éasca le léamh".

Tá na tuarascálacha iomlána ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census chomh maith leis na sonraí uile atá ar fáil i réimse táblaí gréasáin idirghníomhacha, ag ceadú d'úsáideoirí a gcuid táblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin.

I gcomhar leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, tá sonraí daonáirimh achomair ar fáil sna léarscáileanna téamacha do Thoghcheantair agus do Cheantair Bheaga uile ar shuíomh gréasáin an AIRO. Ní gá ach an nasc a leanúint ó shuíomh gréasáin an CSO.

Clúdófar topaicí eile i dtuarascálacha Próifíle na todhcháí a eiseofar i gcaitheamh na bliana 2012, ag clúdach topaicí ar nós obair, tithíocht agus míchumas. I dteannta leis na tuarascálacha Próifíle níos grinne seo tá dhá fhoilseachán achomair de thorthaí daonáirimh; foilsíodh an chéad cheann, dar teideal, *This is Ireland – Highlights from Census 2011, Part 1* i Márta 2012, ag déileáil le tosca déimeagrafacha agus atá ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an CSO, agus meastar go bhfoilseofar an dara foilseachán, dar teideal, *This is Ireland – Highlights from Census 2011, Part 2* ag deireadh an Mheithimh 2012 agus is téamaí socheacnamaíocha a chlúdófar ann. Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin atá beartaithe le foilsiú sna hagusíní a ghabhann leis an tuarascáil.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0808 234 7581 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cso.ie
www.cso.ie



Buaicphointí na tuarascála

An daonra ag éirí níos sine

Tháinig méadú de leathbhliain ar mheánaois dhaonra an stáit ina iomláine go 36.1 bliain ó 2006 i leith. In 2011 léirigh an daonra i nach mór gach contae méadú, le cathair Luimnigh chun cinn, áit inar mhéadaigh an mheánaois faoi 1.5 bliain. Mar sin féin bhí daonra níos óige i roinnt contaetha ná mar a bhí in 2006 leis an meánaois i Laois ag titim leathbhliain, agus laghduithe beaga á léiriú sa Chabhán agus i Longfort araon.

Bhí daonra tuaithe an stáit níos sine ná daonra na gceantar uirbeach faoi nach mór 2 bhliain. Bhí daonraí tuaithe níos sine i ngach contae le heisceacht Contae Mhuineacháin, áit ina raibh an daonra uirbeach níos mó ná leathbhliain níos sine ná daonra na gceantar tuaithe.

Leanaí réamhscoile

Tháinig méadú 17.9 faoin gcéad ar líon na leanaí réamhscoile (5-12 bliana d'aois) sa Stát i gcomparáid leis an bhfás daonra foriomlán de 8.2 faoin gcéad. I gContae Laoise mhéadaigh an t-aoisghrúpa seo faoi 37.1 faoin gcéad, an méadú is airde d'aon chontae, leis an gCabán ina dhiaidh le méadú 30.2 faoin gcéad.

Bhí líon na leanaí réamhscoile ina gcónaí in árasáin suite ag 25,317, méadú 50.3 faoin gcéad ón mbliain 2006, le méadú suntasach chomh maith tagtha ar an líon daoine ina gcónaí i sealúchais ar cíos ó 77,909 in 2006 go 122,782 in 2011, ag seasamh le haghaidh 34.7 faoin gcéad de na leanaí réamhscoile ar fad in 2011.

Leanaí Bunscoile

Bhí díreach os cionn leath mhilliún leanbh san aoisghrúpa 5-12 bliain, méadú 12 faoin gcéad ón mbliain 2006. Tá an méadú is mó san aoisghrúpa seo le feiceáil i gContae Laoise áit ina bhfuil méadú 28.9 faoin gcéad tagtha ar an aoisghrúpa úd, á leanúint ag Fine Gall (28.3%). Bhí laghdú 9.4 faoin gcéad san aoisghrúpa seo i gcathair Luimnigh agus laghdú i gcathair Chorcaí (7.9%) chomh maith.

Leanaí Meánscoile

Ní mór an t-athrú a tháinig ar dhaonra na leanaí meánscoile (13-18 bliana d'aois) le cúig bliana anuas le méadú faoi bhun 1 faoin gcéad go 344,931 in Aibreán 2011. Is i gcontaetha Laoise agus Chill Dara a bhí an ráta fáis b'airde de 10.3 faoin gcéad, le laghdú tagtha ar an líon leanaí san aoisghrúpa seo i nach mór leath na gcontaetha uile.

Aosaigh Óga

Cé gur chónaigh formhór na n-aosach óg, a ndéantar catagóiriú orthu de réir na haoise 19-24 bliana, fós sa bhaile le tuismitheoir amháin nó le beirt thuismitheoirí, tháinig méadú ar an gcéatadán sa chatagóir seo ó 59 faoin gcéad go 66 faoin gcéad.

Daoine Fásta

Bhí treocht mhéadaitheach do dhaoine san aoisghrúpa 25-64 maireachtáil i gcóiríocht ar cíos le deich mbliana anuas, le hos cionn 675,000 duine san aoisghrúpa seo le cóiríocht ar cíos acu in 2011, méadú 51.4 faoin gcéad ón mbliain 2006 nuair a bhí cóiríocht ar cíos ag díreach níos lú ná 450,000 duine san aoisghrúpa seo.

Scothaosta

Tháinig méadú 14.4 faoin gcéad ar líon na ndaoine scothaosta, d'aois 65 bliana nó os a chionn, leis an líon daoine d'aois 100 nó os a chionn taifeadta ag 389 – méadú 100 duine ar líon na bliana 2006.

An líon daoine scothaosta le gnáthchónaí orthu i dtithe altranais ná 20,802 agus an líon daoine scothaosta le gnáthchónaí orthu in ospidéal ar fud na tíre ná 4,873.

Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census.

Le haghaidh breis eolais téigh i dteagmháil le:

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

– CRÍOCH –

24 Meitheamh 2012